Scoil Chaitlín Maude

Polasaí Cód Iompair

Sa pholasaí seo tá cur síos déanta, ní amháin ar na rialacha atá le leanúint sa scoil, ach ar conas mar a chaithfimid le chéile sa scoil. Cuirfimid, pobal na scoile, béim ar dhea-iompar a léiriú eadrainn i gcónaí. Is mian linn atmaisféar taitneamhach, sábháilte foghlama a chruthú agus a dhaingniú sa scoil maraon leis an bhFís Scoile atá againn. Is scoil ioncuimsitheach í Scoil Chaitlín Maude agus tugaimid aitheantas go bhfuil réimse leathan de riachtanaisí ag daltaí na scoile. Tugtar é seo san áireamh agus an pholasaí seo á chur i bhfeidhm againn.

Prionsabail:

- Go mbeadh gach iarracht déanta chun a chinntiú go bhfuil an Cód Iompair curtha i bhfeidhm ar bhealach réasúnta, cothrom agus leanúnach.
- Cuirfimid béim ar féinmhuinín gach páiste a fhorbairt.
- Aithníonn an scoil na difríochtaí éagsúla a bhíonn idir pháistí.
- Cuirfimid béim ar dhea-iompar a chur i bhfeidhm chun déileáil le drochiompar.
- Lorgaímid tacaíocht an phobail scoile iomlán, tuistí san áireamh, leis an gCód seo a chur i bhfeidhm.

Cód Iompair

Tá na rialacha seo bunaithe ar:

- shábháilteacht
- aire a thabhairt duit féin
- aire a thabhairt do dhaoine eile
- meas a thabhairt agus a thaispeáint
- dea-iompar agus dea-bhéasaí a léiriú
- a bheith ionraic agus macánta le cách

Tá sé tábhachtach go mbeidh a fhios ag gach páiste go bhfuilmid ar fad freagrach as sábháilteacht a chéile.

Tá na rialacha scoile crochta timpeall ar an suíomh scoile agus moltar:

- Go múintear na rialacha agus an Cód Iompair go mion agus go ndéantar dul siar rialta orthu.
- Go mínítear do thuismitheoirí na rialacha agus na smachtbhannaí.

Tá cóip den gCód Iompair seo ar fáil sa Phlean Scoile agus ar shuíomh idirlín na scoile.

Beidh freagracht ag an bhfoireann bainistíochta an Cód seo a mhíniú do mhúinteoirí nua agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh leis an bhfoireann scoile.

Is féidir an córas seo a roinnt ina thrí chuid: **Rialacha, Smachtbhannaí, agus Luachanna Saothair.**

Rialacha Scoile:

1. Bí in am agus bí ullamh.
2. Siúil sa scoil agus bí san áit cheart ag an am ceart.
3. Bí cabhrach, cairdiúil agus béasach le gach duine.
4. Déan do dhícheall i do chuid oibre.

Rialacha Clóis:

- **Riail na feadóige:** (Seas, siúil go dtí do líne, bí i do líne).
- **Bí dea-bhéasach agus cúramach le gach duine:**
    - Ná bí ag troid ná ag brú agus ná bí garbh le páistí eile.
    - Ná glaoigh ainmneacha maslacha ar aon duine.
    - Ná cuir isteach ar chluichí páistí eile.
    - Ná tóg aon rud a bhaineann le duine eile.

Smachtbhannaí Clóis:

Déanann an múinteoir atá ar an gclós gach iarracht na fadhbanna a thagann suas a réiteadh ar an gclós ag baint úsáid as cleachtais réiteach coimhlintí. Má tá páiste ró-gharbh ar an gclós, beidh orthu suí/seasamh amach ar feadh tréimhse.

Cleachtais Réiteach Coimhlintí (Cleachtas Aisiríoch)

Socraítear coimhlintí ag baint úsáid as na ceisteanna seo a leanas:

- Cad a tharla?
- Cad a bhí ar d’intinn ag an am?
- Cad atá ar d’intinn ó shin?
- Cé orthu a chuaigh sé i bhfeidhm agus cén chaoi?
- An raibh bealach eile ann chun é a dhéanamh?
- Cad is féidir linn a dhéanamh anois chun rudaí a chur ina gceart?

Smachtbhannaí

Má tá riail briste ag páiste, gearrfar an smachtbhann cuí orthu. Má roghnaíonn na páistí gan na rialacha a leanúint, tá córas smachtbhannaí i bhfoirm céimeanna i ndán dóibh. Má bhristear riail, téann siad ar aghaidh céime. Braitheann an chéim ar leibhéal an drochiompair. Tugtar fógra do na páistí gan dul níos faide síos tríd na céimeanna.

Na Céimeanna:

Céim	**Gníomh**	**Toradh / Mana**
Céim 1	Fógra ó Bhéil	Smaoinigh / Do Rogha
Céim 2	Am Machnamh Sa Rang	Seans Fós Agat
Céim 3	Téigh go Rang Eile	Ag Rith as Seansanna
Céim 4	Cárta Dearg / Scéal Abhaile	Ná Téigh níos Faide
Céim 5	An Oifig: Glaoch / Cruinniú le Tuistí	Níl Rogha Agat

Céim 1: Fógra ó Bhéil Faigheann páistí fógra ó bhéal. Ní dhéantar é a chlárú. Tabharfaidh an fhógairt seo le fios don pháiste:

- Cad atá siad ag déanamh mícheart.
- Cad atá an múinteoir ag súil leis.
- Go bhféadfaidís a bheith ag bogadh go dtí an chéad chéim eile.

Céim 2: Am Machnamh Sa Rang Tugann an múinteoir fios don pháiste go gcaithfear machnamh a dhéanamh faoina gcuid iompair. Seo seans dóibh smaoineamh agus iad féin a shocrú agus iad fós sa rang. Beidh áit sa rang inar féidir an machnamh seo a dhéanamh.

Céim 3: Téigh go Rang Eile Téann an páiste chuig seomra eile ar feadh tréimhse oiriúnach le hobair. Cuirfear eolas abhaile leis an bpáiste ag míniú cén riail a bhí briste agus lorgófar síniú tuismitheora.

Céim 4: Cárta Dearg / Scéal Abhaile Téann an páiste chuig an múinteoir tacaíochta ainmnithe ag brath ar an zón. R-phost/glaoch/comhrá le déanamh ag an múinteoir le caomhnóir sula dtéann an cárta dearg abhaile. Téann a n-ainm sa leabhar iompair. Beidh cárta dearg le síniú ag a dtuistí.

Céim 5: An Oifig / Cruinniú le Tuistí Téann an páiste go dtí an Príomhoide. Cruinniú le tuistí, príomhoide, múinteoir agus páiste.

Nóta: Téann an páiste díreach go **Céim 4 nó Céim 5** má tá drochiompar mar seo i gceist:

- Iompar fíorgharbh.
- Ciníochas, ciapadh gnéasach nó náiriú faoin gcorp.

Fionraí

Tá sé de cheart ag an bPríomhoide nó an Leas-Phríomhoide (sa chás go bhfuil an Príomhoide as láthair) dalta a chur ar fionraí sa chás go bhfuil an drochiompar tromchúiseach go leor. Maidir le haon tréimhse fionraí thar lá amháin, tá dualgas ar an bPríomhoide dul i dteagmháil le Cathaoirleach an Bhoird.

Luachanna Saothair

Nuair a roghnaíonn na páistí na rialacha a leanúint, faigheann siad aitheantas agus luachanna saothair mar atá leagtha síos sna ranganna éagsúla.

An Ghaeilge

Is í an Ghaeilge teanga cumarsáide na scoile. Labhróidh na páistí i gcónaí í sa scoil, sa chlós agus ar gach imeacht scoile. Ní mór do gach ball de fhoireann na scoile agus de phobal na scoile an méid Gaeilge atá acu féin a labhairt.

Luachanna Saothair: Tabharfar aitheantas rialta do pháistí as ucht a gcuid Gaeilge a úsáid mar atá leagtha síos sna ranganna éagsúla.

Smachtbhannaí: Sa chás go bhfuil páistí ag labhairt i mBéarla, tá córas smachtbhannaí ann (de réir aoisghrúpa) a mheabhraíonn dóibh gurb í an Ghaeilge teanga cumarsáide na scoile.

Conclúid: Ár bPobal Scoile

Is doiciméad beo é an Cód Iompair seo a chabhraíonn linn scoil shábháilte, fháilteúil a rith. Tuigimid go ndéanann gach duine botúin, ach creidimid go láidir i bhfreagracht phearsanta agus i meas frithpháirteach. Trí oibriú i gcomhar le chéile—idir dhaltaí, mhúinteoirí, agus thuismitheoirí—is féidir linn timpeallacht a chothú ina mothaíonn gach páiste go bhfuil meas orthu, go bhfuil siad slán, agus go bhfuil siad in ann barr feabhais a bhaint amach ina gcuid oibre agus ina n-iompar. Is ar scáth a chéile a mhaireann muid.

Scoil Chaitlín Maude

Code of Behavior Policy

This policy is about more than just school rules; it outlines how we treat one another. As a school community, we focus on practicing positive behavior toward each other at all times. Our goal is to create and maintain a happy, safe learning environment that reflects our School Vision. Scoil Chaitlín Maude is an inclusive school; we recognize that our pupils have a wide range of needs, and we keep these in mind whenever we put this policy into practice.

Principles:

- Every effort will be made to ensure that the Code of Behavior is implemented in a reasonable, fair, and consistent manner.
- We will emphasise developing the self-confidence of every child.
- The school recognises the various differences between children.
- We will emphasise using positive reinforcement to deal with misbehavior.
- We seek the support of the entire school community, including parents, in implementing this Code.

Code of Behavior

These rules are based on:

- Safety
- Taking care of yourself
- Taking care of others
- Giving and showing respect
- Demonstrating good behavior and good manners
- Being sincere and honest with everyone

It is important that every child knows that we are all responsible for each other's safety.

The school rules are posted around the school site and it is recommended:

- That the rules and the Code of Behavior are taught in detail and reviewed regularly.
- That the rules and sanctions are explained to parents.

A copy of this Code of Behavior is available in the School Plan and on the school website.

The school management team will be responsible for explaining this Code to new teachers and conducting an annual review with the school staff.

This system can be divided into three parts: Rules, Sanctions, and Rewards.

School Rules:

1. Be on time and be prepared.
2. Walk in the school and be in the right place at the right time.
3. Be helpful, friendly, and polite to everyone.
4. Do your best in your work.

Yard Rules:

- The Whistle Rule: (Stand, walk to your line, stay in your line).
- Be polite and careful with everyone:
    - Do not fight or push, and do not be rough with other children.
    - Do not call anyone insulting names.
    - Do not interfere with other children's games.
    - Do not take anything belonging to someone else.

Yard Sanctions:

The teacher on yard duty makes every effort to resolve problems that arise on the yard using conflict resolution practices. If a child is too rough on the yard, they will have to sit/stand out for a period.

Conflict Resolution Practices (Restorative Practice)

Conflicts are resolved using the following questions:

- What happened?
- What was on your mind at the time?
- What has been on your mind since?
- Who has been affected and how?
- Was there another way to do it?
- What can we do now to put things right?

Sanctions

If a child has broken a rule, the appropriate sanction will be imposed. If children choose not to follow the rules, a tiered system of sanctions is in place. If a rule is broken, they move forward a step. The step depends on the level of misbehavior. Children are given notice not to proceed further through the steps.

The Steps:

Step	Action	Outcome/Motto
Step 1	Verbal Warning	Think / Your Choice
Step 2	Reflection Time in Class	You Still Have a Chance
Step 3	Go to Another Class	Running Out of Chances
Step 4	Red Card / Note Home	Go No Further
Step 5	The Office: Call/Meeting with Parents	You Have No Choice

Step 1: Verbal Warning Children receive a verbal warning. It is not recorded. This warning will let the child know:

- What they are doing wrong.
- What the teacher expects.
- That they could be moving to the next step.

Step 2: Reflection Time in Class The teacher informs the child that they must reflect on their behavior. This is a chance for them to think and settle themselves while still in class. There will be a place in the class where this reflection can take place.

Step 3: Go to Another Class The child goes to another room for a suitable period to work. Information will be sent home with the child explaining which rule was broken, and a parent's signature will be requested.

Step 4: Red Card / Note Home The child goes to the designated support teacher depending on the zone. An email/call/conversation must be made by the teacher to the guardian before the red card goes home. Their name is entered in the behavior log. There will be a red card to be signed by their parents.

Step 5: The Office / Meeting with Parents The child goes to the principal. A meeting is held with parents, principal, teacher, and child.

Note: A child goes directly to Step 4 or Step 5 if the following misbehavior is involved:

- Extremely rough behavior.
- Racism, sexual harassment, or body shaming.

Suspension

The principal or deputy principal (in the event that the principal is absent) has the right to suspend a student if the misbehavior is serious enough. For any suspension period exceeding one day, the principal is obliged to contact the Chairperson of the Board.

Rewards

When children choose to follow the rules, they receive recognition and rewards as established in the various classes.

The Irish Language

Irish is the language of communication in the school. The children will always speak it in the school, in the yard, and at all school events. Every member of the school staff and the school community must speak whatever amount of Irish they have.

Rewards: Regular recognition will be given to children for using their Irish as established in the various classes.

Sanctions: In cases where children are speaking English, there is a system of sanctions (according to age group) that reminds them that Irish is the language of communication of the school.

Conclusion: Our School Community

This Code of Behavior is a living document designed to help us maintain a safe and welcoming school environment. We understand that everyone makes mistakes, but we believe firmly in personal responsibility and mutual respect. By working together—pupils, teachers, and parents—we can foster an environment where every child feels valued, safe, and empowered to excel in both their work and their conduct. We flourish in each other's shadows; together we grow.